An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

# Ciorclán

**Uimhir Chiorcláin 0019/2026**

## Scéim Sparánachtaí le haghaidh Cláir Chomhthráthacha Oideachais Tosaigh Múinteoirí

## (Sparánacht ETIM)

### 1. Réamhrá

1.1 Sa chiorclán seo, leagtar amach na critéir don Scéim Sparánachtaí le haghaidh Cláir Chomhthráthacha Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM), ar a dtugtar an Scéim Sparánachtaí ETIM freisin, agus tugtar faisnéis faoin bpróiseas iarratais.

1.2 Is é an cuspóir atá leis an Scéim Sparánachtaí ETIM an líon mac léinn a ghabhann do chláir chomhthráthacha OTM i réimsí ETIM a mhéadú. Is é an cuspóir beartais atá léi cur leis an bhfáil ar mhúinteoirí in iar-bhunscoileanna atá cáilithe in ábhair ETIM.

1.3 Tá sa chiorclán seo na nithe seo a leanas:

- Faisnéis ghinearálta
- Critéir le haghaidh incháilitheachta
- An nós imeachta iarratais
- Ceisteanna agus an próiseas athbhreithniúcháin

### 2. Faisnéis Ghinearálta

2.1 Tabharfar do gach iarratasóir a chomhlíonfaidh na critéir atá leagtha amach thíos sparánacht €2,000 gach bliain don dá bhliain dheireanacha dá c(h)lár fochéime oideachais tosaigh múinteoirí. Dá bhrí sin, is ionann an sparánacht seo agus dámhachtain airgeadais a thugtar do mhic léinn chun cabhrú le costais oideachais.

2.2 Ní íocaíochtaí inphinsin a bheidh sna híocaíochtaí agus ní bheidh siad faoi réir aon asbhaintí pinsin.

## 3. Critéir le haghaidh Incháilitheachta

3.1 Beidh feidhm ag an scéim maidir leo sin a bheidh ag tosú an dá bhliain dheireanacha de chlár incháilithe OTM. Ní incháilithe a bheidh mic léinn a bheidh ag athdhéanamh bliain acadúil. Chun amhras a sheachaint, ní fhéadfaidh ach na mic léinn sin a bheidh ag dul isteach sa chéad cheann den dá bhliain dheireanacha de chlár incháilithe OTM sa bhliain acadúil 2025/26 iarratas a dhéanamh. I mblianta ina dhiaidh sin, féadfaidh mic léinn i gceachtar ceann den dá bhliain dheireanacha iarratas a dhéanamh.

3.2 Ní mór d'iarratasóirí a bheith ag gabháil do chlár fochéime oideachais tosaigh múinteoirí atá creidiúnaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gceann amháin ar a laghad de na hábhair seo a leanas: Matamaitic, Matamaitic Fheidhmeach, Fisic, Ceimic, Bitheolaíocht, Innealtóireacht, agus Eolaíocht Ríomhaireachta. Ní mór dóibh a bheith cáilithe chun clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 2 (iar-bhunscoil) nuair a bheidh an clár sin críochnaithe acu.

3.3 Beidh an sparánacht faoi réir an faighteoir a bheith ag comhaontú clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi Bhealach 2 agus a bheith fostaithe ar feadh 100 lá agus 440 uair an chloig ar a laghad i bpost ceadaithe teagaisc i scoil aitheanta amháin nó níos mó sa dá bhliain díreach tar éis dó/di a c(h)lár OTM a chríochnú.

3.4 I gcás nach mbeidh an faighteoir in ann na ceanglais sin a chomhlíonadh, beidh an sparánacht le haisíoc leis an Roinn.

## 4. An Nós Imeachta Iarratais

4.1 Osclófar próiseas le haghaidh iarratais a fháil ón 30 Eanáir 2026. Ní mór iarratais a bheith faighte roimh an lá oibre deireanach de mhí Feabhra sa bhliain 2026 agus i mblianta ina dhiaidh sin.

4.2 Ceanglófar ar iarratasóirí faisnéis phearsanta a sholáthar agus toiliú lena sonraí a bheith á gcomhroinnt leis an institiúid ardoideachais iomchuí agus ag an institiúid sin araon agus lena bpárolla múinteoirí chun a dheimhniú an bhfuil siad incháilithe faoi chritéir na scéime.

4.3 A luaithe a mheasfar iarratas a bheith incháilithe, déanfar íocaíochtaí le hiarratasóirí a luaithe is féidir tar éis an lae dheireanaigh de mhí Feabhra i ngach bliain acadúil.

## 5. Ceisteanna agus an Próiseas Athbhreithniúcháin

5.1 Is féidir ceisteanna i ndáil leis an sparánacht ETIM a sheoladh chuig **STEMBursary@education.gov.ie**.

5.2 I gcás go gcinnfear nach gcomhlíonann iarratasóir na critéir incháilitheachta, féadfaidh an t-iarratasóir a iarraidh ar an Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin trí ríomhphost a sheoladh chuig **STEMBursary@education.gov.ie**.

_____________

Séamus Keating

Príomhoifigeach

Soláthar Múinteoirí